

Ponclathas



Sa straitéis seo, oibríonn na scoláirí le chéile trí grúpvótáil chun **cinntí eolasacha** a dhéanamh, iad a chur in ord tosaíochta agus teacht ar chomhaontú. Is féidir í a úsáid i Rang Teagaisc, Bliainghrúpa nó Comhairle na Scoláirí chun teacht ar chinneadh daonlathach.

Tugann Ponclathas an **deis chéanna** do gach scoláire a thuairim féin a bheith cláraithe fiú sna grúpaí is mó.

- Cuir eochaircheist a fhreagróidh na scoláirí trí phróiseas poncvótála.
- Roinn na scoláirí ina ngrúpaí de 3 nó 4 agus iarr orthu smaointe a ransú agus machnamh ar fhreagraí féideartha.
- Scríobhann na scoláirí a gcuid freagraí mar ráitis ar bhileog A4. Postálfaidh scoláire amháin as gach grúpa iad ar bhallaí an tseomra ranga.
- Tugtar deis do scoláirí a gcuid smaointe a shoiléiriú ó bheal leis an gcuid eile den ghrúpa.
- Ina dhiaidh sin, iarr ar na scoláirí siúl timpeall an tseomra chun na smaointe a léamh agus vótáil le ponchreamáin.
- Bíonn 2 phoncvóta ag gach scoláire agus iarrtar orthu ponc a chur ar an 2 ráiteas is mó lena n-aontaíonn siad.
- Is féidir, de bharr patrún scarvótála, gur gá an próiseas poncvótála a athdhéanamh chun comhaontú a fháil.
- B'fhéidir, chun cur le tuiscint na scoláirí, gurbh fhiú plé a dhéanamh faoi threoir an mhúinteora ar an bpatrún vótála.


Leideanna

- Tá an ponclathas úsáideach chun léargas a fháil ar thuairimí agus ar mhothúcháin grúpa.
- Is féidir leis eolas a dhéanamh do na chéad chéimeanna eile sa phróiseas foghlama.
- Is úsáideach an uirlis í chun scileanna smaointeoireacht chriticiúil a fhorbairt.
- Is eochairghné den fhoghlaim an t-aiseolas agus an plé ó scoláirí ag deireadh an tseisiúin seo.



Tuilleadh Eolais

Tá tuilleadh eolais agus tacaíochta ar fáil chun an straitéis seo a chur i bhfeidhm ag www.jct.ie



Príomhscileanna

- ▶ Eolas agus smaointeoireacht a bhainistiú
- ▶ Mé féin a bhainistiú
- ▶ Cumarsáid
- ▶ A bheith liteartha
- ▶ A bheith uimheartha
- ▶ Obair le daoine eile

Acmhainní

- ▶ Greamáin bheaga vótála
- ▶ Bíleoga A4 chun na freagraí a thaispeáint

Leagan amach an tseomra

Is den tábhacht spás a fhágáil chun gur féidir le scoláirí spás a bheith acu le dul agus na freagraí ar an mballa a athbhreithniú.

Measúnú

Is féidir é a úsáid chun eolas a fháil do na chéad chéimeanna eile den phróiseas foghlama

Tacú le hobair baile

Mar obair baile thiocfadh a iarraidh ar scoláire scríobh faoin méid a d'fhoghlaim sé ón gcóras poncvótála.